

Cad is ainm duit?

Brian Ó Raghallaigh

Cé dó a mbíonn tú ag obair agus cad é Teideal do Phoist?

Táim fostaithe mar léachtóir le Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).

4. Cá raibh tú ar scoil? An bunscoil/meánscoil lán-Ghaeilge a bhí inti

D'fhreastal mé ar Scoil Neasáin, Baile Hearmann, Baile Átha Cliath Bunscoil lán-Ghaeilge. Agus ansin Coláiste Mhuire, Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath Meánscoil lán-Ghaeilge.

5. An raibh sé deacair ort foghlaim trí mheán na Gaeilge?

Ní raibh. Ní raibh ach cúpla focal Gaeilge agam nuair a thosaigh mé sna naíonáin bheaga. Ach de bharr an tumoideachais, bhí mé líofa faoi dheireadh na bliana sin. Chuidigh sé go raibh cainteoir dúchais Gaeilge as Inis Oírr agam mar mhúinteoir sa chéad bhliain sin.

7. Cad iad na hábhair a rinne tú don Ardeist?

Gaeilge, Béarla, Fraincis, Matamaitic, Fisic, Tíreolaíocht, agus Ceol.

9. Nuair a bhí ort cinneadh a dhéanamh faoina mbeadh ar siúl agat i ndiaidh na scoile, ar thuig tú cad a theastaigh uait a dhéanamh nó an raibh sé dian ort d'fhoirm CAO a líonadh?

Níor thuig mé go rómhaith. Thaitin Gaeilge agus Tíreolaíocht liom, ach seachas sin, ní raibh rún láidir agam rud ar bith faoi leith a dhéanamh, agus dá bhrí sin, is dócha go raibh sé deacair go leor m'fhoirm CAO a líonadh.

10. An mbraitheann tú go raibh tionchar mór ag do chúlra oideachais trí Ghaeilge ar do roghanna CAO agus do chinneadh gairme, dá réir? (má bhaineann an cheist seo leat)

Braithim. Mar gheall ar m'oidéachas trí Ghaeilge, agus mar gheall orthu siúd mórthimpeall orm a raibh spéis acu sa Ghaeilge, d'fhás spéis inti ionam féin, agus bhí tionchar aige sin ar na roghanna a rinne mé.

11. An raibh aon rud ar leith a cabhraigh leat do rogha a dhéanamh?

Bhí gairmthreorach maith i gColáiste Mhuire agus tháinig roinnt léachtóirí as ollscoileanna ar cuairt chugainn i gColáiste Mhuire sa cúigiú agus sa séú bliain. Chuidigh seo liom mo rogha a dhéanamh.

15. Cén chéad chéim a ghlac tú féin i ndiaidh na scoile? Ar bhain tú taitneamh as? Arbh idirlinn dheacair í? / An raibh an t-athrú deacair duit? Cad iad na dúshláin a d'eascair as, má bhí aon cheann ann?

Chuaigh mé i mbun céime i gColáiste na Tríonóide. Rinne mé Ríomhaireacht, Teangeolaíocht, agus Gaeilge, i.e. CSL, Computer Science and Language. "CSLL, Computer Science, Linguistics, and a Language" a bhíodh air nuair a bhí mise ann. Fuair

agus ceapaim, go pointe, sa mhéad is go gceapaim go mbeinn sásta i ngairmeacha eile freisin. Bhain mé taitneamh as, ach bhí taobh na ríomhaireachta cruá go leor mar gheall ar an easpa taithí ríomhaireachta a bhí agam. Ní athrú rómhór ná ródheacair a bhí ann sa mhéid is gur fhan mé sa bhaile le linn na céime seo, ach bíonn sé deacair aithne a chur a dhaoine agus cairde nua a dhéanamh. Bíonn sé deacair go leor luí isteach ar an obair féinstitiútha chomh maith.

16. Más rud é gur fhreastail tú ar scoil lán-Ghaeilge, an raibh sé deacair ort athrú ar ais go foghlaim trí mheán an Bhéarla? Cad iad na dúshláin a d'eascair as, má bhí aon cheann ann?

Ní raibh. An taithí a bhí agamsa sa scolaíocht lán-Ghaeilge ná go bhfoghlaímíonn tú chuile shórt go dátheangach, agus gur féidir, mar chainteoir dúchais Béarla, tiontú ar fhoghlaim trí Bhéarla go héasca, uair ar bith.

17. Lasmuigh den staidéar a rinne tú ar do chúrsa, an raibh tú páirteach in aon ghné eile i saol an choláiste?

Bhí mé sa Chumann Gaelach ar mhaithe le cairde a dhéanamh, Gaeilge a labhairt, craic, turais, etc. Cé gur imir mé spórt agus gur sheinn mé ceol taobh amuigh den ollscoil, níor bhac mé le clubanna spóirt ná ceoil na hollscoile.

18. An raibh tionchar dearfach ag foghlaim na Gaeilge ar do shaol sóisialta sa choláiste i.e. an raibh tú páirteach i gclubanna agus cumainn Ghaeilge etc.?

Bhí. Is tríd an nGaeilge agus tríd an gCumann Gaelach a chuir mé aithne ar fhormhór mór na gcairde a rinne mé. Is dócha gurb é go raibh rud éigin sách bunúsach i bpáirt lena chéile ag na daoine a ghlac páirt sa Chumann Gaelach.

33. Cad iad na hábhair spéise eile atá agat agus an gcuireann siad le do phost reatha in aon slí?

Mar a luaigh mé cheana, taobh amuigh den Ghaeilge, is í an spéis is mó eile atá agam ná an ríomhaireacht, agus cuireann sí seo go mór le mo phost reatha.

21. Ón oideachas atá faighte agat go dtí seo, cad iad na gnéithe is mó a chabhraigh leat i do phost reatha?

Líofacht i labhairt na Gaeilge, mioneolas ar ghramadach agus ar theangeolaíocht na Gaeilge, scileanna taighde agus scríbhneoireachta, agus cumas sa ríomhchlárú.

20. An mbraitheann tú go raibh sé ina bhuntáiste duit bheith oilte ar an nGaeilge agus tú ag lorg poist?

Braithim, mar go raibh mé ag lorg poist lán-Ghaeilge, ach samhlaím go mbeadh sé ina bhuntáiste fiú mura mbeinn.

3. An féidir leat sin a mhíniú i dteanga shimplí chun go bhféadfaimis go léir príomh-réimsí/príomh-thréithe do phoist a thuiscint?

Cathaim cuid de mo chuid ama i mbun teagaisc agus léachtóireachta Ó thaobh na léachtóireachta de, bíonn ullmhúchán, léachtóireacht, measúnú, riarachán, cruinnithe

léachtóirí, etc. agus bíonn comhairle agus aiseolas le tabhairt do mhic léinn. Cathaim an chuid eile de mo chuid ama i mbun taighde i réimsí éagsúla a bhaineann leis an nGaeilge, e.g. an teangeolaíocht, ríomhtheangeolaíocht, teicneolaíocht teanga, téarmaeolaíocht, foclóireacht, ainmeolaíocht, etc. Mar chuid den dualgas seo, déanaim buntaighde agus taighde feidhmeach sna réimsí éagsúla, agus cuirim torthaí an taighde seo i láthair ag comhdhálacha acadúla agus in irisí piarmheasúnaithe acadúla.

Sa bhreis air seo, táim féin agus mo chomhghleacaithe i Fiontar & Scoil na Gaeilge i mbun taighde ar chonradh don rialtas ar iliomad tionscadal teanga and cultúir digiteach mór le rá, i.e. (1) An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge, [Tearma.ie](#); (2) Bunachar Logainmneacha na hÉireann, [Logainm.ie](#); (3) An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge, [Ainm.ie](#); (4) Cnuasach Bhéaloideas Éireann, [Dúchas.ie](#). Is tionscadail mhóra shuntasaca ha iad seo a bhfuil aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach acu. Ní bhíonn aon dá lá mar a chéile.

23. Conas mar a úsáideann tú Gaeilge i do phost?

Ionad oibre lán-Ghaeilge is ea Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Déantar gnó iomlán na scoile trí mheán na Gaeilge, más ea. Tugtar léachtaí trí mheán na Gaeilge. Reachtáltar cruinnithe trí mheán na Gaeilge. Déantar cumarsáid scríofa agus labhartha trí mheán na Gaeilge.

24. Cad iad na scileanna ar leith a thugann tusa chuig an láthair oibre?

Sa bhreis ar mo chuid cáilíochtaí Gaeilge, tá cúlra agam sa ríomhaireacht, i.e. ríomhchlárú, bunachair sonraí, suíomhanna gréasáin, teicneolaíocht teanga. Tá sé seo tábhachtach i gcomhthéacs Fiontar & Scoil na Gaeilge mar gheall ar go bhforbraímid acmhainní teanga leictreonacha ar líne.

26. Cad a thaitníonn leat mar gheall ar do phost?

An éagsúlacht. Bímse ag plé le mic léinn lá amháin, le fobairt bogearraí lá eile, agus i gcruinnithe tionscadal taighde laethanta eile.

30. Cén chomhairle a chuirfeadh tusa ar aon duine a bheadh ag smaoineamh ar an bpost seo a dhéanamh?

Do phost mar léachtóir, bí cinnte gur maith leat an teagasc, gur maith leat an taighde, gur maith leat an léitheoireacht, gur maith leat an scríbhneoireacht, go bhfuil tú sásta labhairt os comhar slua, go bhfuil tú sásta tabhairt faoi fhoghlaim fad saoil, agus go bhfuil tú go maith ag an bhféin-bhainistíocht.

31. Conas mar atá na hionchais fostaíochta ann?

Déarfainn go bhfuil na hionchais fostaíochta réasúnta maith, má fhaigheann tú marc maith sa chéim, má léiríonn tú do chumas taighde le PhD láidir, má léiríonn tú do spéis sa réimse le foilseacháin mhaithe acadúla, agus má éiríonn leat taithí maith oibre a fháil.

32. Cad iad na 3 phríomh-thréith phearsanta is gá a bheith ag duine don phost seo?

A bheith díograiseach, fiosrach, agus muiníneach.

35. Dá dtosófá ón tús arís, an ndéanfa aon rud ar shlí éagsúil?

D'oibreoinn níos cruua, e.g. léifinn níos mó, agus mé i mbun na fochéime, agus chaithfinn níos mó ama sa Ghaeltacht.

14. Ag féachaint siar air anois, cén chomhairle a bheadh agat do dhaoine sa 6ú bliain atá ag smaoineamh ar an gcéad chéim eile dóibh i ndiaidh na scoile?

Ná bíodh deifir oraibh. Glacaigí bliain saoire agus téigí ag obair agus ag taisteal más maith libh. Roghnaigí céim a thaithneoidh libh agus a mbeidh sibh sásta obair chrua a dhéanamh chun í a bhaint amach le marc maith. Breathnaigí ar na modúil agus ar na léachtóirí ar an gclár. Smaoinigí ar an gclár iarchéime nó ar an bpost a lorgóidh sibh i ndiaidh na céime. Breathnaigí ar roghanna ollscoile ar fud na tíre agus thar lear.